Ard-Mhúsaem
na hÉireann
National Museum
of Ireland

Sráid Chill Dara




# Léarscáil

# Fáilte chuig Ard-Mhúsaem na hÉireann ag Sráid Chill Dara

Osclaíodh Ard-Mhúsaem na hÉireann ag Sráid Chill Dara ar dtús mar Mhúsaem Eolaíochta agus Ealaíne Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1890. Dearadh é i stíl Phallaidiach Victeoiriach mhór agus tá clú air as a cholúin atá déanta de mharmar na hÉireann, agus as a Chruinnteach cruinneachánach agus urláir mhósáice. San áit seo, tagann stair shaibhir na hÉireann le chéile le hailtireacht iontach, agus é réidh duit le breathnú thart air.



Tá an Músaem suite i gcoimpléasc ornáideach nuachlasaiceach i lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus is ann atá Bailiúchán Seandálaíochta na hÉireann. Fiosraigh ár ndéantáin is sine, taisce dhochreidte d’ór ársa agus éist le scéalta iontacha ár sinsear. Foghlaim faoi sheandálaíocht na ndaoine a mhair in Éirinn, sa Tréimhse Réamhstairiúil, in Aimsir na Lochlannach agus sa Luathré Chríostaí.

Tá ról ríthábhachtach ag an Músaem maidir le roinnt de na bailiúcháin is fearr ar domhan a bhaineann le hoidhreacht luachmhar na hÉireann a bhailiú, a choimeád, a chaomhnú agus a chur i láthair. Téann ár gcuid oibre níos faide ná ár ngailearaithe, mar déanaimid teagmháil le pobail éagsúla ó gach cearn, agus le scoileanna, le teaghlaigh, le taighdeoirí agus le cuairteoirí idirnáisiúnta chomh maith.

Reáchtálaimid imeachtaí, ceardlanna agus gníomhaíochtaí ó cheann ceann na bliana a cheiliúrann ár mBailiúcháin agus ár gcultúr. Bíodh sé ag breathnú thart le rian gníomhaíochta, ag freastal ar chainteanna nó ag glacadh páirt i gceardlanna, tá rud ann do gach duine chun sult a bhaint as. Féach ar ár suíomh gréasáin chun eolas a fháil ar imeachtaí atá le teacht nó téigh chuig Fáiltiú an Mhúsaeim le haghaidh tuilleadh faisnéise.









Tá Sráid Chill Dara ar cheann de cheithre láthair Ard-Mhúsaem na hÉireann i mBaile Átha Cliath agus i gContae Mhaigh Eo. Cuireann an Músaem le comhchuimhne agus le féiniúlacht go leor daoine ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Ard-Mhúsaem na hÉireann
National Museum of Ireland

museum

# Sráid Chill Dara




## An Cruinnteach

Gné ailtireachta shuntasach atá ann, agus tionchair Nuachlasaiceacha á dtabhairt chun suntais. Spreagtar a struchtúr cruinneachánach mór, atá 20 méadar ar airde, ag Teampall na nDéithe sa Róimh. Ar an taobh istigh, tá colúin mharmair chlasaiceacha ann, agus iad foinsithe ó chontaetha Chorcaí, Chill Chainnigh, na Gaillimhe, Luimnigh agus Ard Mhacha.



## Mósáicí

Ar urlár mósáice stairiúil an Chruinntí taispeántar comharthaí an stoidiaca agus ba é Ludwig Oppenheimer Limited a dhear é. Is féidir na mósáicí sin a fheiceáil ar fud fhoirgneamh an Mhúsaeim agus móitífeanna iontu a chuirfeadh sibhialtachtaí na Sean-Ghréige agus na Sean-Róimhe i gcuimhne duit.




1

Tabhair faoi deara nach féidir rochtain a fháil ar an gcéad urlár ach leis an staighre amháin.

0

Tá gach taispeántas ar an mbunurlár inrochtana.

## Áiseanna

- Fáiltiú/Faisnéis
- Seomra Acmhainní Foghlama
- Leithris Inrochtana
- Leithris agus friothálaíonán
- Siopa an Mhúsaeim
- Bealach Amach
- Rampa rochtana
- Staighre

## Siopa an Mhúsaeim

Aimsigh réimse táirgí atá spreagtha ag bailiúchán an Mhúsaeim atá foirfe mar bhronntanas uathúil nó mar chuimhneachán. Tá treoirleabhair an Mhúsaeim ar fáil freisin, ina gcuirtear mionfhaisnéis ar fáil faoinár dtaispeánais.

## Éire Réamhstairiúil

LIMISTÉAR 1

Lonnaíocht dhaonna in Éirinn idir uirlisí cloiche na gcéad fiagaithe cnuasaitheoirí thart ar 7000 RCh, agus airm chré-umha na Cré-umhaoise Déanaí thart ar 500 RCh.



Ceann Máis Chnóbha
E70:50479

## Ór – Ór na hÉireann

LIMISTÉAR 2

Saothar óir réamhstairiúil a théann siar go tréimhse idir 2200 RCh agus 500 RCh.



Luanla Óir
2010:246


## An Taisce

LIMISTÉAR 3

Forbairt ealaín na hÉireann ó chéadta deireanacha na ré Réamhstairiúla go dtí an tréimhse Mheánaoiseach c.1200AD.



Cailís Ardach
1874:99



Cloigeann Chorr Leice
1998:72

## Ríogacht agus Íobairt

LIMISTÉAR 4

Bhain leagan íobairtí daonna agus earraí móideacha eile i bportaigh le deasghnátha ríogachta sa Chré-umhaois agus san Iarannaois.



Fear Ráth Lachan
1930:69

## Cainteanna, Turais agus Imeachtaí an Mhúsaeim

Chun faisnéis a fháil faoi chainteanna, faoi thurais agus faoi imeachtaí atá le teacht, cuir ceist ag an bhfáiltiú nó scan an cód MF thíos.

## Éire na Lochlannach

LIMISTÉAR 5

Ré na Lochlannach in Éirinn ó chéad ionsaí na Lochlannach sa bhliain 795AD go dtí 1170AD.



Claíomh Bhaile an Doire
SA1928:382

## Éire na Meánaoise

LIMISTÉAR 6

An saol in Éirinn ó ionraí na Sasanach nó na nAngla-Normannach i lár an 12ú haois go dtí an Reifirméisean i lár an 16ú haois.



Scrín an Chathaigh
R2835



Bachall
R1561

## An tSean-Éigipt

LIMISTÉAR 7

Sibhialtacht chasta na Sean-Éigipte ón tréimhse Réamh-ríoraíoch, c. 5000RCh go dtí tréimhse na Rómhánach c.395AD.



Fíor adhmaid ar a glúine
1954:160



Cónra adhmaid/ Sarcafagas
(A61)1881:2228

## Cluain Tarbh 1014

LIMISTÉAR 8

An cath is cáiliúla i stair na hÉireann ach ceann de na cathanna is lú tuiscint air.



Tua iarainn le hanla adhmaid
2013E213:2

## Cultacha Portaigh

LIMISTÉAR 9

Éadaí ársa ó phortaigh na hÉireann.



Culaith fir
W1, W2, W3

# Ard-Mhúsaem na hÉireann National Museum of Ireland

museum

## Uaireanta oscailte

Domhnach – Luan: 13:00 – 17:00
Máirt – Satharn: 10:00 – 17:00

Tá fáilte roimh chách agus tá saorchead isteach ag gach láthair.

Lean muid agus faigh níos mó eolais ag museum.ie

## Féach thart ar láithreacha Ard-Mhúsaem na hÉireann eile



**Dún Uí Choileáin**
Baile Átha Cliath, D07 XKV4

Áirítear leis na bailiúcháin Ealaíona Maisiúla, Dearadh, Stair Mhíleata agus scéalta faoi leanúnachas agus athrú ar fud shochaí na hÉireann.



**Páirc Thurlaigh**
Contae Mhaigh Eo, F23 HY31

Coinnítear Bailiúchán Shaol na Tuaithe agus scéalta ó shaol laethúil iontach na hÉireann ann.

Mar charthanacht, braithimid ar fhlaithiúlacht ár dtacadóirí chun cabhrú linn bailiúcháin a cheiliúrann stair, cultúr agus staid na hÉireann a chaomhnú, a chosaint, agus a roinnt. Scan an cód MR chun síntiús a thabhairt.

Íomhá Clúdaigh: Dealg na Teamhrach, R4015, Limistéar 3 – An Taisce